Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11039 – ERMENEGILDO ZEGNA / THE ESTEE LAUDER COMPANIES / TOM FORD INTERNATIONAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 60/20)

1. An 7 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ermenegildo Zegna N.V. ("Zegna", an Iodáil), atá faoi rialú Monterubello s.s.,

— The Estée Lauder Companies Inc. ("ELC", Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú muintir Lauder,

— Tom Ford International LLC ("Tom Ford International", Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú an tUasal Thomas Ford.

Gheobhaidh Zegna agus ELC rialú ar Tom Ford International de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach leasanna ballraíochta (scaireanna).

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Zegna gníomhach i ndearadh, cruthú agus dáileadh só-éadaí fear agus gabhálais faoi bhranda Zegna, chomh maith le héadaí ban, éadaí fear agus gabhálais faoi bhranda Thom Browne. Déanann Zegna fabraicí agus teicstílí a mhonarú agus a dháileadh freisin. Díoltar táirgí Zegna trí níos mó ná 500 siopa in 80 tír ar fud an domhain,

— Is monaróir, margóir agus díoltóir cúraim craicinn cáilíochta, smididh, táirgí cumhráin agus táirgí cúraim gruaige é ELC. Díoltar a chuid táirgí i dtuairim is 150 tír agus, ón 30 Meitheamh 2022, tá thart ar 63 000 fostaí ar fud an domhain aige.

— Cuireann Tom Ford International bailiúchán iomlán d'éadaí fear, éadaí ban, gabhálais, agus na fo-éadaí is déanaí agus cloig ar fáil. Faoi láthair, tá níos mó ná 100 siopa TOM FORD saorsheasaimh agus siopa-i-siopaí ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11039 – ERMENEGILDO ZEGNA / THE ESTEE LAUDER COMPANIES / TOM FORD INTERNATIONAL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË